Gaelscoil Faithleann
Uimhir Rolla 19941 I
An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie



**Polasaí maidir leis na Meáin Shóisialta**

**(Social Media Policy)**

**Polasaí ar úsáid Instagram/Twitter Ghaelscoil Faithleann**

Tá ardán na meáin shóisialta ag Gaelscoil Faithleann anois a fheidhmeoidh mar chlár na bhfógraí ar-líne. Bainfear úsáid as go rialta chun nuacht, eolas scoile agus fógraí tabhachtacha a roinnt.

## Réasúnaíocht

Tá sé rí-thábhachtach go mbíonn láithreacht ar-líne ag scoileanna, ní hamháin ag cur in iúl don scoilphobal go rialta cad atá ar siúl sa scoil, ach bíonn féidearthachtaí ann chun an scoil a chur chun cinn. Tá ról-lárnach ag suíomh idirlíon na scoile (Gaelscoilfaithleann.com) anseo, ach bíonn ar úsáideoirí idirlíona cuairt rialta a thabhairt ar an suíomh chun an t-eolas a fháil. Trí hardáin cosúil le Instagram a bheith againn, táimid ag soláthar eolas scoile, nuacht agus fógraí díreach go fothaí nuachta ár dtuismitheoirí agus foireann na scoile. Tuigimid go mbíonn rioscaí áirithe ag baint leis, cosúil leis na meáin shóisialta ar fad, agus ba mhaith linn ár dtuismitheoirí agus ár bhfoireann ar a suaimhneas go bhfuilimid ag smaoineamh faoi leas na bpáistí i dtosach báire.

## Aidhmeanna:

1. Chun ár gcóras cumarsáide scoile a fheabhsú le heolas a roinnt trí Instagram, mar aon le modheolaíochtaí reatha ar nós nótaí ar pháipéar, ríomhphostanna, téacsanna, agus suíomh idirlíona na scoile.

2. Chun imeachtaí scoile a fhógairt go poiblí, agus feasacht faoi chistíocht scoile a ardú.

3. Chun aon eolas scoile nuashonraithe cuí a fhógairt.

4. Chun aird a tharraingt ar éachtaí scoile dearfacha i bhfóram ina roinntear iad leis an scoilphobal i gcoitinne.

5. Chun fógraí scoile a dhéanamh (m/sh.dúnadh scoile de bharr na drochaimsire).

6. Instagram a úsáid chun an scoil a fhógairt i measc an phobail i gcoitinne.

Gaelscoil Faithleann
Uimhir Rolla 19941 I
An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie



7. Chun an deachleachtas maidir le húsáid na mean shóisialta a chothú.

**Eolas**

- Bainfidh baill foirne roghnaithe úsáid as gléasanna ceadaithe chun an cuntas Instagram a bhainistiú.
- Cuntas Instagram (Gaelscoil_faithleann) an suíomh scoile www.gaelscoilfaithleann.com. Is cuntaisí poiblí a bheidh i gceist.
- Déanfar postáil idir 8 rin agus 6 i.n, Luan go hAoine amháin, ach amháin i gcás ócáid scoile eisceachtúil nó chun eolas tábhachtach a roinnt.
- Déanfaidh baill foirne roghnaithe monatóireacht ar na leantóirí agus déanfar aon duine nach bhfuil dírithe ar mhaitheas na scoile a bhlocáil (ní chóir d'aon pháiste faoi bhun 13 bliana d'aois leathanach Instagram a bheith acu. Má leanann páiste scoile an cuntas déanfar blocáil orthu láithreach).
- Ní leanfaidh an cuntas scoile ach cuntais oideachasúla nó Gaeilge.
- Beidh póstálacha de chuid Gaelscoil Faithleann i nGaeilge amháin.
- Scéalta dearfacha amháin a bheidh á roinnt ar chúntas na scoile
- Déanfar pasfhocal an cuntas scoile a athrú ar bhonn rialta.

**Coinníollacha Úsáide de Leathanach Instagram: Gaelscoil Faithleann**

- Ní féidir le húsáideoirí aon rud a phostáil ar an leathanach a mheastar gur ábhar gáirsiúilé - bainfear aon nótaí tráchta/ ábhair díobhálach láithreach.
- Ní féidir le húsáideoirí aon aischothú diúltach a thabhairt ar Instagram nó ar aon suíomhidirlíona, tá sé riachtanach deileáil leis an scoil go díreach sna cásanna seo.
- Ní dhéanfaidh úsáideoirí tagairt diúltach do bhall den scoilphobal ar ár leathanach Instagram
- Ní cheart d'úsáideoirí ceist a chur ar bhaill foirne a bheith mar 'chairde'.
- Níl cead d'úsáideoirí nótaí tráchta a aithníonn ball den scoilphobal a chur ar an leathanach.
- Ní luafar ainmneacha na bpáistí ar an leathanach.
- Ní dhéanfaidh cuntas na scoile griangraf d'aon pháiste a phostáil gan chead a fháil óthuismitheoir/caomhnóir roimh ré

Gaelscoil Faithleann
Uimhir Rolla 19941 I
An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie

**Cosaint Leanaí:**

- Tá imní cosanta leanaí soiléire ag baint le seo. Ba mhaith linn an deis seo a thapú chun ár bhfocal a thabhairt do thuismitheoirí nach mbeimid ag uaslódáil grianghraif de pháistí aonair ar ár n-ardán sóisialta (ach amháin má tá cead faighte ón tuismitheoir roimh ré i gcásanna eisceachtúla cheiliúrtha).
- Táimid coinsiasach faoi na rialacha a bhaineann le grianghraif de pháistí agus beimid ag postáil fógraí, eolas agus grúp-ghrianghraif d'imeachtaí scoile amháin ar ár leathanach.
- Ní bheidh cead ag ár leantóirí nótaí tráchta a fhágaint faoi aon phictiúr.
- Imní amháin eile atá ann ná dúil a bheith ag na páistí sa leathanach. Tá beagnach gach dalta bunscoile faoi bhun a 13 agus tá sé mídhleathach d'aon duine faoi bhun 13 leathanach Instagram a bheith acu. Dá dtabharfadh na riarthóirí faoi deara go bhfuil dúil ag páiste inár leathanach, beidh dualgas orthu an páiste a thuairisciú go Instagram. Cé go bhfuil cuma dian ar an gcur chuige seo, braithimid go mba cheart dúinn rialacha Instagram a mhúnlú fad is atá siad ann.
- Déanfaidh foireann na scoile rialacha slandála don idirlíon a mheabhrú do na daltaí tríd an clár 'Bí Sábháilte'. Cuid de na croíphrionsabail atá i bpolasaí na scoile ar an ábhar seoná:
    - Ná roinn aon rud a chuirfidh isteach ar aon duine eile;
    - Abair le duine fásta má tá rud éigin nó duine éigin ar líne ag cur isteach ort;
    - Ná labhair le haon duine nach bhfuil aithne agat orthu san fhíorshaol;
    - Ná buail le héinne ón idirlíon nach bhfuil aithne agat orthu san fhíorshaol

**Ábhair Machnaimh don Fhoireann Scoile:**

✓ Ní cheart go mbeadh aon chumarsáid in aon chur ag foireann na scoile le daltaí ar na meáin shóisialta. Ní cheart go n-úsáidfidh foireann na scoile a bpróifílí pearsanta chun tabhairt faoi ghnó scoile nó chun cumarsáid a dhéanamh le haon dalta agus nó a t(h)uismitheoir

✓Caithfear cead a fháil ón mBord Bainistíochta chun aon leathanach nua nó breise a bhunú ar ardán na mean shóisialta.

✓ Leanfar Nósanna Imeachta Smachtaithe má ghlacann ball foirne páirt in iompar míoiriúnach ar ardáin na meán shóisialta.

✓Tá na Nósanna Imeachta Smachtaithe léirithe i gCiorclán 0060/2009

Gaelscoil Faithleann

Uimhir Rolla 19941 I

An Pháirc, Cill Airne, Co Chiarraí. V93 WP62
Guthán: 064 6634930 Ríomhphost: oifig@gsfaithleann.ie



Glacadh leis an bpolasaí seo ag cruinniú boird ar

Cathaoirleach:

Príomhoide: